



## Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Scrúdú na  
hArdteistiméireachta, 2017*

# *Gaeilge Gnáthleibhéal*

**Páipéar II**

200 MARC

**Dé Máirt  
13 Meitheamh  
Maidin, 9.30 go dtí 11.50**

*Treoracha d'íarrthóirí ar leathanach 3*

# **Léigh na treoracha ar leathanach 3**

# **Treoracha d'iarrthóirí**

*Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.  
Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.*

## **FREAGAIR GACH CEIST (1, 2 AGUS 3).**

**Ceist 1:**

LÉAMHTHUISCINT:

A (Ich 4 & 5)

agus

B (Ich 6 & 7)

**Ceist 2:**

PRÓS:

AINMNITHE (A) (Ich 8)

nó

ROGNACH (B) (Ich 9)

**Ceist 3:**

FILÍOCHT:

AINMNITHE (A) (Ich 10 & 11)

nó

ROGNACH (B) (Ich 12)

Freagair **A agus B** anseo.

**A – (50 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

### Slí an Atlantaigh Fhiáin - Turas a fhanfaidh i do chuimhne

- Tá an turasóireacht an-tábhachtach in Éirinn. Thug 9.6 milliún duine as tíortha thar lear cuairt ar Éirinn sa bhliain 2016. Thóg a lán Éireannach saoire sa bhaile anuraidh freisin. Tá Slí an Atlantaigh Fhiáin ar cheann de na scéimeanna is suimiúla a cuireadh chun cinn le roinnt blianta anuas le turasóirí a mhealladh. Tá obair den scoth déanta ag Fáilte Éireann chun eolas a scaipeadh faoi Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Taispeántar cláir ar an teilihís in Éirinn agus tharlear, agus bíonn ailt in irisí taistil agus ar na meáin shóisialta le daoine a chur ar an eolas faoin mbealach turasóireachta seo. Tá fás mór ar an turasóireacht ar chósta Atlantach na hÉireann mar gheall ar an bhfeachtas seo.
- Idir Inis Eoghain i gContae Dhún na nGall agus Cionn tSáile i gContae Chorcaí a ritheann Slí an Atlantaigh Fhiáin. Tá sí dhá mhíle cúig chéad ciliméadar ar fad agus téann sí trí naoi gcontae éagsúla. Bíonn radharc iontach ag na cuairteoirí ar an tírdhreach ó cheann ceann na tíre: páirceanna, sléibhte, tránná, farraigí fiáine, caisleán agus páirceanna náisiúnta, mar shampla. Tá Slí an Atlantaigh Fhiáin luaite anois i measc na mbealaí turasóireachta is cáiliúla ar domhan, *An Camino de Santiago* sa Spáinn agus *Route 66* i Stáit Aontaithe Mheiriceá, mar shampla. Ba é *Route 66* an príomhbhóthar ó Chicago go cósta California uair amháin. Cé nach bhfuil sé in úsáid mar phríomhbhóthar anois tá áit speisialta aige i gcultúr Mheiriceá. Tá sé luaite ina lán amhrán agus ina lán leabhar. Is minic a bhíonn sé le feiceáil sna scannáin.
- Tá clú agus cál ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin anois mar gheall ar na seirbhísí den scoth atá le fáil ar an tslí agus mar gheall ar an bhfáilte mhór a chuirtear roimh na cuairteoirí. Tá bia agus lóistín den scoth ar fáil. Bíonn ceol, spórt agus imeachtaí cultúir ar siúl ina lán áiteanna. Bíonn an bhratach ghorm le feiceáil ar chuid

mhór de na tránná. Bronntar bratach ghorm nuair a bhíonn an trá agus an t-uisce glan agus sábhláilte. Tá ceantair Ghaeltachta ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Bíonn an Ghaeilge á labhairt mar theanga bheo sna ceantair seo.

- Tá Sceilg Mhichíl gar do Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Is oileán naofa í an Sceilg amach ó chósta Chiarraí. Bhí Sceilg Mhichíl sa nuacht nuair a rinneadh cuid den scannán *Star Wars: The Force Awakens* ansin sa bhliain 2015. Taispeánadh an scannán ar fud an domhain agus anois bíonn na sluaite daoine ag teacht ar cuairt chun an t-oileán agus an ceantar áitiúil a fheiceáil. Tá stair iontach ag Sceilg Mhichíl. Tógadh mainistir ar na carraigeacha sa seachtú haois. Bhíodh manaigh ina gcónaí sa mhainistir go dtí an dara haois déag. Tá teach solais ar an oileán freisin. Níl aon duine ina chónaí ar an oileán anois. Ní bhíonn ann ach éin mhara.
- Tá pas speisialta ar fáil do thurasóirí a leanann Slí an Atlantaigh Fhiáin. Déantar an pas seo a stampáil in oifigí poist ar an tslí. Tá dhá bhuntáiste ag baint leis an bpas speisialta seo. Tugann sé cuntas do dhuine ar an méid den turas atá déanta aige. Chomh maith leis sin, is spreagadh é chun filleadh agus an turas a chríochnú. Tá gach eolas faoi Shlí an Atlantaigh Fhiáin le fáil ar shuíomh gréasáin speisialta. Tá aip speisialta ann freisin. Is féidir an aip seo a íoslódáil saor in aisce. Tá eolas le fáil ar an aip seo faoi lóistín, faoi bhialanna agus faoi imeachtaí ar an tslí, chomh maith le léarscáileanna de Shlí an Atlantaigh Fhiáin.

*Bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla*



1. (a) Scríobh síos **dhá** rud faoin turasóireacht in Éirinn sa bhliain 2016. (Alt 1)

(b) Luaign **dhá** shlí a gcuirtear daoine ar an eolas faoi Shlí an Atlantaigh Fhiáin. (Alt 1)  
(10 marc)
2. (a) Tá a lán rudaí éagsúla le feiceáil ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin.  
Scríobh síos **dhá** cheann de na rudaí sin. (Alt 2)

(b) Conas atá a fhios againn go bhfuil áit speisialta ag *Route 66* i gcultúr Mheiriceá? (Alt 2)  
(10 marc)
3. (a) Scríobh síos **dhá** chúis a bhfuil clú agus cáil ar Shlí an Atlantaigh Fhiáinanois. (Alt 3)

(b) Cén fáth a mbronntar bratach ghorm? (Alt 3)  
(10 marc)
4. (a) Cén fáth a raibh Sceilg Mhichíl sa nuacht? (Alt 4)

(b) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoin mainistir ar Sceilg Mhichíl. (Alt 4)  
(10 marc)
5. (a) Cén **dá** bhuntáiste a bhaineann leis an bpas speisialta atá ar fáil do thurasóirí? (Alt 5)

(b) Cén t-eolas faoi Shlí an Atlantaigh Fhiáin atá le fáil ar an aip speisialta? (Alt 5)  
(10 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

### Kíla – Tríocha Bliain ar an mBóthar

1. Tá an grúpa ceoil Kíla ag ceiliúradh i mbliana. Thosaigh siad ag seinm go poiblí i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1987 agus tá siad tríocha bliain ar an mbótharanois. Tá clú agus cáil bainte amach ag Kíla ar fud na hÉireann agus ar fud an domhain. Bíonn siad le cloisteáil go minic ar an raidió agus ar an teilifís. Seinneann siad ag féilte móra ceoil in Éirinn agus tharlear. Tá a lán albam eisithe acu freisin. Nuair a bhí Kíla ag tosú, theastaigh uathu ceolchoirm a dhéanamh i ngach contae in Éirinn. I mí Mheán Fómhair seo caite, bhí siad ag seinm in Inis Ceithleann, Contae Fhear Manach. Leis sin, bhí gig déanta acu i ngach ceann den dá chontae is tríocha in Éirinn.
2. Sa bhliain 1986 a tháinig Kíla le chéile den chéad uair. Bhí an bheirt deartháireacha, Rossa agus Rónán Ó Snodaigh, agus cairde leo ag freastal ar Choláiste Eoin, scoil lán-Ghaeilge do buachaillí i mBaile Átha Cliath. Bhíodh na buachaillí ag cleachtadh ceoil agus ag canadh le chéile ar scoil. Roghnaigh siad an t-ainm Kíla ag an am sin. Rinne siad a gcéad ghig phoiblí sa Baggot Inn i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1987. Bhí triúr sa lucht éisteachta an oíche sin. Ní raibh mórán airgid le déanamh as na gigeanna i dtús ama agus bhíodh ar bhaill an ghrúpa dul ag buscáil ar na sráideanna chun breis airgid a thuilleamh.
3. De réir a chéile, thosaigh níos mó daoine ag éisteacht le Kíla in Éirinn agus tharlear. Is maith le daoine a stíl cheoil agus is breá leo a gcuid ceolchoirmeacha. Meascán bríomhar de cheol traidisiúnta na hÉireann agus den cheol domhanda an stíl cheoil atá acu. Athraíonn baill an ghrúpa ó am go chéile. Ní i gcónaí a bhíonn siad go léir ar fáil. Chomh maith leis sin, seinneann baill an ghrúpa a lán uirlisí difriúla – fidil, bodhrán, píb uilleann, feadóg agus giotár
4. Caitheann Kíla go leor ama sa stiúideo freisin ag taifeadadh píosaí ceoil d’albaim nua. D’éisigh siad albam iontach sa bhliain 2014. *Suas Síos* an t-ainm a thug siad air. D’éisigh siad albam nua dar teideal *Alive Beo* cúpla mí ó shin. Rinneadh an t-albam seo a thaifeadadh beo i dTamhlacht i mBaile Átha Cliath. Tá meascán d’amhráin nuachumtha agus d’amhráin mhóra an ghrúpa ar an albam. Bhí Kíla an-ghnóthach ag seinm beo an samhradh seo caite. Bhí siad ar an stáitse ag cuid mhór féilte ceoil ó cheann ceann na hÉireann. Bhí siad ag seinm ag Traidphicnic ar an Spidéal i mí líil agus ansin, i mí Lúnasa, bhí siad le cloisteáil ag Fleadh Cheoil na hÉireann in Inis.
5. Bíonn Kíla ag obair ar rudaí nua an t-am ar fad. Bíonn siad le cloisteáil ag seinm ar fhaimrian roinnt scannán agus roinnt clár teilifíse na laethanta seo. Cuireann a gcuid ceoil go mór le hiontas an scannáin *The Secret of Kells* agus le draíocht an chláir *The Secret Life of the Shannon*. Tugadh ardmholadh don ghrúpa as an bhfuaimrian a rinne siad don scannán *Song of the Sea*. Chuir siad amach leabhar sa bhliain 2011 ina bhfuil breis agus céad fonn a scríobh siad, chomh maith le filíocht agus grianghraif den ghrúpa. Tá sé soiléir go bhfuil an grúpa seo ag dul ó neart go neart i gcónaí.

Bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla

KÍLA

1. (a) Cad a rinne an grúpa ceoil Kíla sa bhliain 1987? (Alt 1)

(b) Cad a theastaigh ó Kíla a dhéanamh nuair a bhí siad ag tosú? (Alt 1)  
(10 marc)
  
2. (a) Cén **dá** rud a bhíodh ar siúl ag na buachaillí agus iad ar scoil? (Alt 2)

(b) Cén fáth a mbíodh ar bhaill an ghrúpa dul ag buscáil ar na sráideanna? (Alt 2)  
(10 marc)
  
3. (a) Cén stíl cheoil atá ag an ngrúpa Kíla? (Alt 3)

(b) Scríobh síos **dhá** fháth a mbíonn gach ceolchoirm difriúil. (Alt 3)  
(10 marc)
  
4. (a) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoi *Alive Beo*, an t-albam nua a d'eisigh Kíla cúpla mí ó shin.  
(Alt 4)

(b) Bhí Kíla ag seinm ag **dhá** fhéile in Éirinn an samhradh seo caite.  
Scríobh síos ainmneacha an **dá** fhéile sin. (Alt 4)  
(10 marc)
  
5. (a) Cá mbíonn Kíla le cloisteáil na laethanta seo? (Alt 5)

(b) Cad atá sa leabhar a chuir Kíla amach sa bhliain 2011? (Alt 5)  
(10 marc)

Freagair A (Prós Ainmnithe) nó B (Prós Rognach).

A

– PRÓS AINMNITHE –

(50 marc)

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) Freagair na ceisteanna thíos faoin scannán *Cáca Milis* nó faoin dráma *An Lasair Choille*.

#### Cáca Milis

- (i) Tá imní ar mháthair Catherine sa charr. Scríobh síos **dhá** chúis a bhfuil imní uirthi.
- (ii) Luaigh **dhá** rud atá le foghlaim faoi Paul sula suíonn sé síos os comhair Catherine ar an traein.
- (iii) Cén t-eolas a thugann Paul do Catherine faoi bheith ar an raidió?
- (iv) Déan cur síos ar bhréag **amháin** a insíonn Catherine do Paul.
- (v) An bhfuil trua agat do Paul sa scannán? Tabhair **dhá** fháth le do fhreagra.

(25 marc)

#### NÓ

#### An Lasair Choille

- (i) Cén fáth nach bhfuil Micil, an seanfhear, ábalta codladh ag túis an dráma?
- (ii) Cad a cheapann Micil den chomhrá a bhí ag Séamas leis an mBúrcach faoi dhul go Sasana?
- (iii) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais faoin saol atá ag Míoda lena hathair, dar léi féin.
- (iv) Tháinig athair Mhíoda go teach Mhicil agus labhair sé le Míoda agus le Séamas. Scríobh síos **dhá** rud a dúirt athair Mhíoda leo.
- (v) An bhfuil trua agat do Shéamas sa dráma? Tabhair **dhá** fháth le do fhreagra.

(25 marc)

- (b) Hurlamaboc

“Bhí Lisín sásta ... Bhí a lán le ceiliúradh acu.” *Hurlamaboc*

Déan cur síos ar na cúiseanna a raibh Lisín sásta **agus** ar na rudaí a bhí le ceiliúradh aici féin agus ag muintir Albright.

(25 marc)

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bPrós Roghnach.

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) Freagair an cheist thíos faoin scannán roghnach **nó** faoin dráma roghnach.

Maidir le **scannán roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an phearsa (an carachtar) is mó a thaitníonn leat sa scannán. Tabhair cuntas ar na heachtraí is mó a tharlaíonn don duine sin sa scannán.

(23 marc)

*Ní mór teideal an scannáin sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn.*

(2 mharc)

## NÓ

Maidir le **dráma roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an phearsa (an carachtar) is mó a thaitníonn leat sa dráma. Tabhair cuntas ar na heachtraí is mó a tharlaíonn don duine sin sa dráma.

(23 marc)

*Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn.*

(2 mharc)

- (b) Maidir le **giota as úrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, cad é an príomhthéama sa ghiota sin, dar leat? Tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa ghiota a léiríonn an príomhthéama sin.

(23 marc)

*Ní mór teideal an úrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.*

(2 mharc)

Freagair A (Filíocht Ainmnithe) nó B (Filíocht Rognach).

A

– FILÍOCHT AINMNITHE –

(50 marc)

Freagair (a) agus (b) anseo.

**(a) Colscaradh**

- (i) Scríobh síos, i d'fhocail féin, na príomhsmaointe atá i véarsa a haon.  
(Is leor dhá phointe eolais.)

(8 marc)

- (ii) Scríobh síos, i d'fhocail féin, dhá rud a bhí ag teastáil ón mbean ina saol i véarsa a dó.  
(8 marc)

- (iii) (a) Cén réiteach a bhí ag an mbeirt acu ar an bhfadhb?  
(b) An réiteach sásúil é sin, dar leat? Cuir fáthanna le do fhreagra.  
(Is leor dhá fháth.)

(9 marc)

**Colscaradh**

Shantaigh sé bean  
i nead a chine,  
faoiseamh is gean  
ar leac a thine,  
aiteas is greann  
i dtógáil chlainne.

Shantaigh sí fear  
is taobh den bhríste,  
dídean is searc  
is leath den chíste,  
saoire thar lear  
is meas na mílte.

Thángthas ar réiteach.  
Scaradar.

**(b) An tEarrach Thiar**

- (i) (a) Cén sórt lae atá ann i véarsa a haon?  
(b) Cad atá ar siúl ag an bhfear i véarsa a dó?  
(c) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoin *gcurrach* i véarsa a ceathair. (8 marc)
- (ii) Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an íomhá (ar an bpictiúr) de na mná a thugann an file dúinn i véarsa a trí. (Is leor **dhá** phointe eolais.) (8 marc)
- (iii) Scríobh síos an mothúchán is láidre sa dán, dar leat. Tabhair **dhá** shampla, **i d'fhocail féin**, den mhothúchán sin sa dán. (9 marc)

**An tEarrach Thiar**

Fear ag glanadh cré  
De ghímseán spáide  
Sa gciúineas shéimh  
I mbrothall lae:  
Binn an fhuaim  
San Earrach thiar.

Fear ag caitheadh  
Cliabh dhá dhroim,  
Is an fheamainn dhearg  
Ag lonrú  
I dtaitneamh gréine  
Ar dhuirling bháin:  
Niamhrach an radharc  
San Earrach thiar.

Mná i locháin  
In íochtar diaidh-thrá,  
A gcótaí craptha,  
Scáilí thíos fúthu:  
Támh-radharc síothach  
San Earrach thiar.

Toll-bhuillí fanna  
Ag maidí rámha,  
Currach lán éisc  
Ag teacht chun cladaigh  
Ar ór-mhuir mhall  
I ndeireadh lae;  
San Earrach thiar.

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bhFilíocht Rognach.

Freagair **(a)** agus **(b)** anseo.

- (a) (i)** Maidir le **dán rognach nua-aimseartha amháin** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, cad is téama don dán sin, dar leat? Tabhair **dhá** phointe eolais i **d'fhocail féin** faoin téama sin sa dán.

(9 marc)

- (ii)** Cén íomhá (pictiúr) is mó a thaitníonn leat sa dán? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.)

(7 marc)

- (iii)** Cén t-atmaisféar atá sa dán seo, dar leat? Tabhair **dhá** shampla den atmaisféar sin sa dán.

(7 marc)

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.*

(2 mharc)

- (b) (i)** Maidir le **dán rognach nua-aimseartha amháin** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, scríobh síos i **d'fhocail féin**, príomhsmaointe an dáin.

(9 marc)

- (ii)** Scríobh síos an mothúchán is láidre sa dán, dar leat. Tabhair **dhá** shampla den mothúchán sin sa dán.

(7 marc)

- (iii)** An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.)

(7 marc)

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.*

(2 mharc)